MÓRMHEASÚNU AR MHAOINIÚ NA NAOI N-EAGRAÍOCHT DÉAG BUNMHAOINITHE.

2008- 2011

CÚLRA

Ar an 22 Aibreán 2008 d'fhógair Foras na Gaeilge go raibh mórmheasúnu le déanamh ar mhaoiniú na naoi n-eagraíocht déag bunmhaoinithe.

Ar an 2 Nollaig 2009 fuair Foras na Gaeilge treoir ón gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas athstruchtúrú a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear maoiniú ar fáil don earnáil bhunmhaoinithe Ghaeilge.

I mí Bealtaine 2010, d'fhógair Foras na Gaeilge Samhail Nua Mhaoinithe, a bhí "glanta i bprionsabal" ag an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Punann scéimeanna atá i gceist leis an tsamhail nua mhaoinithe, agus mar chuid den tSamhail, bheadh iarratasóirí á maoiniú, bunaithe ar chur i bhfeidhm na dtionscadal luaite sa scéim, is é sin na costais incháilithe agus cheadaithe, seachas bunaithe ar shamhail an bhunmhaoinithe eagraíochtúil mar a bhí go dtí seo.

Ó cuireadh an tSamhail Nua Mhaoinithe faoi bhráid earnáil dheonach na Gaeilge don chéad uair, tá sé curtha in iúl arís agus arís eile ag an earnáil go mbeadh oiread deacrachtaí ag baint leis an tsamhail sin a chur i gcrích is go mbeadh sé dodhéanta. Níl cruthúnas ar bith curtha chun cinn ag Foras na Gaeilge gur chun leasa chur chun cinn na teanga a bheadh an tSamhail nua.

AN PRÓISEAS GO DÁTA

22 Aibreán 2008

D'fhógair Foras na Gaeilge ag cruinniú idir Foras na Gaeilge agus ceannasaithe na naoi n-eagraíocht déag bunmhaoinithe go raibh mórmheasúnu le déanamh ar mhaoiniú na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe. Cuireadh in iúl ag an gcruinniú sin gur cinneadh de chuid Bhord Fhoras na Gaeilge ab ea é go dtabharfaí faoi phróiseas athbhreithnithe chun 'Cur le leas, le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na nEagras agus Fhoras na Gaeilge araon' maraon le 'luach ar airgead a dheimhniú'.

Cuireadh in iúl chomh maith go raibh i gceist ag Foras na Gaeilge athbhreithneoir seachtrach a fhostú le tabhairt faoin obair seo. Athbhreithniú ar 'timthriall 3 bliana' a bhí beartaithe, le measúnú déanta ar 5/6 eagraíocht in aghaidh na bliana ag tosú i 2008.

25 Aibreán 2008

Deimhníodh i gcomhfhreagras ón bhForas go raibh na téarmaí tagartha don athbhreithniú bunaithe ar na dréacht-théarmaí tagartha curtha faoi bhráid na n-eagraíochtaí in 2005.

Scaipeadh ceistneoir féinmheasúnaithe, ullmhaithe ag Foras na Gaeilge i gcomhar leis na comhlachtaí a d'fhéadfadh tairiscint a dhéanamh ar an ngnó mar athbhreithneoir leis an bhForas, ar na heagrais bhunmhaoinithe a bhí le comhlánú agus le seoladh chuig Príomhfheidhmeannach an Fhorais faoin 20 Meitheamh 2008. Bhí na ceistneoirí comhlánaithe lena choinneáil faoi rún go dtí go gceapfaí athbhreithneoir.

Iúil 2008

Chinn Bord Fhoras na Gaeilge go gceapfaí an comhlacht Mazars mar athbhreithneoir.

Meán Fómhair – Deireadh Fómhair 2008

Thionól Mazars cruinnithe aonair leis na heagraíochtaí leasmhara.

Mí Feabhra – Mí Aibreán 2009

Reáchtáil Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge cruinnithe de na heagrais bhunmhaoinithe Ghaeilge chun deiseanna comhoibrithe a phlé agus a chur chun cinn.

5 Lúnasa 2009

Chuir Mazars cóip de shliocht maidir le toradh a féinmheasúnaithe ar fáil do na heagrais. Cuireadh cóip den tuairisc iomlán faoi bhráid Fhoras na Gaeilge. Níor foilsíodh an tuairisc sin.

29 Meán Fómhair 2009

D'iarr Foras na Gaeilge ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge an naoi n-eagraíocht déag bunmhaoinithe a thabhairt le chéile le hidirphlé a dhéanamh maidir le:

1. Fís agus Moltaí na n-eagras maidir leis an earnáil agus todhchaí na Gaeilge
2. Aiseolas na 19 eagras ar an bpróiseas maoinithe

Ghlac Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge leis an iarratas ón bhForas agus fostaíodh comhairleoir / éascaitheoir chun tabhairt faoi thaighde ar an gceist leis na heagrais agus chun an próiseas a éascú.

02 Nollaig 2009

Thug an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas treoir d'Fhoras na Gaeilge chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an mbealach a chuirtear maoiniú ar fáil don earnáil bhunmhaoinithe Ghaeilge.

17 Nollaig 2009

Foilsíodh an taighde thuasluaite ar fhís agus moltaí na n-eagras maidir leis an earnáil agus todhchaí na Gaeilge, mar aon le haiseolas na n-eagras maidir leis na bpróiseas maoinithe reatha.

11 Feabhra 2010

D'aontaigh na naoi n-eagraíocht déag bunmhaoinithe, ar threoirphrionsabail maidir le maoiniú na hearnála, sa cháipéis, 'I dTreo na Físe' a cuireadh faoi bhráid Fhoras na Gaeilge.

14 Bealtaine 2010

I litir ón bhFóram chuig Foras na Gaeilge tagraíodh do phlépháipéar maidir le hAthstruchtúrú na nEagraíochtaí Bunmhaoinithe Gaeilge, a rinne ionadaithe an Fhóraim a chur i láthair ag cruinniú de Choiste Forbartha Fhoras na Gaeilge, dar 5 Bealtaine 2010. Cuireadh in iúl go bhfuil an Fóram bunaithe agus ag feidhmiú anois.

Mar iatán leis an litir, cuireadh struchtúr comhtháite molta chun cinn a thóg le chéile obair chúig eagraíocht bhunmhaoinithe agus ocht n-eagraíocht ar fad. Cuireadh in iúl go raibh An Fóram ag obair ar bhreis forbartha ar an mbonn céanna sin.

26 Bealtaine 2010

Chuir Foras na Gaeilge punann scéimeanna faoi bhráid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas mar shamhail nua mhaoinithe, córas maoinithe ab ea seo a chuirfeadh maoiniú ar fáil chun tionscadail áirithe a chur i bhfeidhm, seachas croímhaoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí mar a bhí go dtí sin.

09 Iúil 2010

Chuir Foras na Gaeilge an cháipéis An tSamhail Nua Mhaoinithe faoi bhráid na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe.

23 Meitheamh 2010

Tionóladh cruinniú idir ceannasaithe na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe chun tuairim na n-eagras maidir le réimse, spriocanna agus torthaí na scéimeanna, faoin tSamhail Nua Mhaoinithe a phlé. Le linn an phlé sa chruinniú sin moladh na nithe a leanas:

- Moladh go nglacfadh Foras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta leis na treoirphrionsabail trédhearcacht, soiléireacht, comhpháirtíocht, agus comhlántacht. Moltadh go dtabharfaí aitheantas ach go háirithe do na difríochtaí suntasacha sna struchtúir agus an aeráid pholaitiúil i dTuaisceart Éireann, mar atá luaite sa cháipéis *I dTreo na Físe.*

- Moladh go nglacfaí leis an bprionsabal go dtógfaí ar bhuntáistí agus príomhláidreachtaí na staide reatha. Dá réir, sula bhféadfaí glacadh le haon samhail nua mhaoinithe níor mhór tuilleadh forbartha agus soiléirithe.

- Leag na heagraíochtaí bunmhaoinithe béim ar riachtanas phrionsabal an bhunmhaoinithe chun leanúnachas, toradh ar an infheistíocht atá déanta agus an infreastruchtúr atá riachtanach do chur chun cinn na Gaeilge sa phobal a dhearbhú.

- Moladh go mbunófaí Comhchoiste um Bhainistíocht Athraithe a bheadh neamhspleách, le téarmaí tagartha, le comhdhéanamh cuimsitheach ionadaíoch agus teorainn ama, chun breis soiléirithe agus forbartha a dhéanamh ar choincheap na samhla chun leas a bhaint as an saibhreas eolais, taithí agus ábaltacht san earnáil mar atá aitheanta sa cháipéis a bhfuil glactha ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas léi.

- Moladh gur cheart go léireofaí nasc láidir idir aon samhail nua mhaoinithe agus Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, straitéis Fhoras na Gaeilge agus ról na n-eagraíochtaí iontu. Níor mhór comhthéacs Thuaisceart Éireann a choimeád san áireamh.

07 Iúil 2010

I litir ón bhFóram chuig Foras na Gaeilge cuireadh in iúl gur mhór ag na 19 n-eagraíocht bunmhaoinithe go mbunófaí Comhchoiste um Bhainistíocht Athraithe gan mhoill, chun forbairt agus soiléiriú a dhéanamh ar choincheap an tsamhail nua mhaoinithe molta, i mbealach a chinnteoidh ionchur rannpháirteach na bpáirtithe leasmhara agus a bhainfidh an leas is fear as an saibhreas eolais, taithí agus ábaltacht san earnáil de réir mar atá aitheanta sa cháipéis a bhfuil glactha ag an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas léi.

13 Iúil 2010

Scríobh an Fóram chuig Foras na Gaeilge ag léiriú a mbuairt nach ndéanfadh an tsamhail nua molta soláthar don réimse seirbhísí atá cheana féin á chur ar fáil ag na heagrais bhunmhaoinithe. Moladh sa litir in áit a bheith ag socrú punann scéimeanna neamhspleách ar an infrastuchtúr reatha, gurbh fhearr i bhfad go rachfaí i bpáirt leis na heagrais bhunmhaoinithe ar mhaithe le samhail nua a fhorbairt a bhainfeadh amach an chianaidhm a shocraigh CATT 1, aidhm a sheasann i gcónaí, mar atá - cuíchóiriú na hearnála.

06 Meán Fómhair 2010

Fógraíodh próiseas comhairliúchán poiblí chun ionchur an phobail a bhailiú i dtaca leis an tSamhail Nua Mhaoinithe. Tugadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2010 don phobal chun a n-aighneachtaí a sheoladh chuig Foras na Gaeilge.

15 Meán Fómhair 2010

Scríobh an Fóram chuig Foras na Gaeilge ag cur in iúl gur cúis iontais dóibh gur fhógair Foras na Gaeilge i nGaelscéal ar an 10 Meán Fómhair 2010, go bhfuiltear ag lorg

aighneachtaí ón bpobal faoin tSamhail Nua Mhaoinithe, agus nár tugadh ach spriocdháta den 30 Meán Fómhair don phobal chun na haighneachtaí sin a ullmhú. Léiríodh díomá na n-eagraíochtaí freisin go n-osclófaí próiseas dá leithéid don phobal sula mbeadh plé ceart déanta leis na heagraíochtaí bunmhaoinithe trí Chomhchoiste um Bhainistíocht Athraithe mar a éilíodh ar an 23 Meitheamh 2010.

08 Deireadh Fómhair 2010

Scríobh an Fóram chuig na Ranna Urraíochta ag lorg cead chun cur i láthair a dhéanamh don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas.

29 Deireadh Fómhair 2010

Scríobh an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta chuig an bhFóram ag cur in iúl go raibh na Ranna Urraíochta den tuairim nárbh é an cruinniú na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas an fóram ceart don chur i láthair a d'iarr An Fóram ach chuir siad in iúl go raibh siad eolach ar chúiseanna imní an Fhóraim.

03 Samhain 2010

Nótáil an Chomhairle an staid reatha i ndáil leis an athbhreithniú a rinne Foras na Gaeilge ar eagraíochtaí bunmhaoinithe. Nótáil na hAirí moltaí i ndáil le comhshocruithe feabhsaithe don chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bainisteoir tionscadail a cheapadh agus coiste stiúrtha agus coiste comhairleach a bhunú.

D'aontaigh siad, sa chomhthéacs gur leor an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm, go bhféadfadh Foras na Gaeilge leanúint, go dtí deireadh Bealtaine 2011, ag tabhairt maoiniú eatramhach d'eagraíochtaí a bhfuil á maoiniú i láthair na huaire agus go ndéanfaí dul chun cinn a thuairisciú ag an gcéad chruinniú eile CATT den Fhoras Teanga.

25 Samhain 2010

Thug An Roinn Cultúir Ealaíona agus Fóillíochta (DCAL), agus Foras na Gaeilge tuairisc don Choiste Cultúir Ealaíona agus Fóillíochta maidir le hathbhreithniú na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe, agus léiríodh imní maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin. Shocraigh an Coiste scríobh chuig DCAL ag lorg amlíne agus eolas ar an bpróiseas scagtha EQIA.

29 Samhain 2010

Scríobh an Fóram chuig Foras na Gaeilge ag cur trí cheist:

1. Cén uair atá Bainisteoir Tionscadail le hearcú agus cén ról a bheidh ag an té seo?
2. Cathain a bhunófar Coiste Stiúrtha agus cén bhallraíocht a bheidh air?
3. Cathain a bheidh an chéad chruinniú den Choiste Comhairleach nua ann?

09 Nollaig 2010

Scríobh Foras na Gaeilge chuig an bhFóram ag cur in iúl:

1. Go raibh téarmaí tagartha don Bhainisteoir Tionscadail fós á phlé.

2. Maidir le cinneadh CATT Coiste Stiúrtha a bhunú is ionadaithe ó Fhoras na Gaeilge agus ó na Ranna Urraíochta a bheidh ar an Choiste agus beidh an chéad chruinniú ann roimh Nollaig 2010.

3. Beidh Foras na Gaeilge i dteagmháil go luath maidir le dátaí le haghaidh cruinnithe den Choiste Comhairleach. Is é cinneadh CATT go mbeidh ionadaithe ó Fhoras na Gaeilge, na Ranna Urraíochta agus na heagrais bhunmhaoinithe ar an gCoiste Comhairleach.

13 Nollaig 2010

Tionóladh an chéad chruinniú den Choiste Stiúrtha. Leagadh síos mar théarmaí tagartha don Choiste Stiúrtha:

- Maoirsiú ar chur i bhfeidhm dhá chinneadh CATT ag Foras na Gaeilge;
- Maoirsiú ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara;
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus
- Scéimeanna a aontú mar scéimeanna cúnamh airgeadais.

31 Nollaig 2010

Cuireadh fógra i nGaeilge amháin ar E-tenders www.etenders.gov.ie ag fógairt folúntas do bhainisteoir tionscadail agus spriocdháta den 27 Eanáir 2011 leis.

20 Eanáir 2011

Tionóladh an chéad chruinniú den Choiste Comhairleach. Cuireadh in iúl ag an gcruinniú sin gurb é ról an Choiste Chomhairligh ná cumarsáid a éascú idir an earnáil agus Foras na Gaeilge.

27 Eanáir 2011

Scríobh an Fóram chuig Foras na Gaeilge ag léirú míshástachta maidir leis an mbealach a fógraíodh post an Bhainisteora Tionscadail. Faoi na treoirlínte a bhaineann le tairiscintí a lorg san earnáil phoiblí, deirtear gur ceadmhach fógraí nuachtáin a úsáid agus teagmháil a dhéanamh le soláthraithe chun iad a chur ar an eolas. Níor dearnadh sin.

Cuireadh in iúl freisin sa litir nár fógraíodh an scéal ar shuíomh idirlín Fhoras na Gaeilge agus, go bhfios don Fhóram, nár fógraíodh an tairiscint ar shuíomh nó ar mheán a bheadh dírithe ar Thuaisceart Éireann.

D'iarr an Fóram go ndéanfaí beachtú ar an bpunann scéimeanna agus léiríodh nach raibh an earnáil dheonach sásta gurb é bealach na punainne an bealach ceart le dul agus léiríodh sa litir go raibh súil ag an earnáil múnla a fhorbairt i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach agus leis an gCoiste Stiúrtha.

Sa litir seo, cuireadh in iúl gur iarradh ar an bhFóram moltaí a dhéanamh maidir le scéimeanna sa dá réimse a leanas; Abhcóideacht agus Taighde, agus Cumasú Pobail. Chuige sin, d'iarr an Fóram cóipeanna de na dréachtaí atá ullmhaithe cheana féin ag feidhmeannas an Fhorais agus léiríodh gur údar díomá é don Fhóram nár cuireadh a leithéid ar fáil go dtí sin.

22 Feabhra 2011
Tionóladh an dara cruinniú den Choiste Comhairleach. Chuir na heagrais in iúl go raibh an t-amscála míréalaíoch, nach raibh go leor ionchur acu agus go raibh easpa trédhearcachta agus éifeachtúlachta ag baint leis na cinntí a rinneadh.

28 Márta 2011
Fógraíodh próiseas comhairliúchán poiblí in athuair do thréimhse deich seachtaine chun ionchur an phobail a bhailiú i dtaca leis an tSamhail Nua Mhaoinithe. Fógraíodh é seo in athuair, toisc imní nár chloí an chéad phróiseas le Roinn 75: Dleacht Comhionannais Reachtúil (Section 75 Statutory Equality Duty), i gcomhthéacs Thuaisceart Éireann. Tugadh go dtí an 14 Meitheamh 2011 don phobal chun a n-aighneachtaí a sheoladh chuig Foras na Gaeilge.

30 Márta 2011
D'eagraigh Foras na Gaeilge seisiún eolais maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe chun plé a dhéanamh ar chúlra agus ar phrionsabail na scéimeanna agus ionchur na n-eagraíochtaí a fháil maidir le critéir agus réimsí oibre na scéimeanna. Le linn an tseisiúin sin, bhí trí scéim faoi chaibidil: Scéim Abhcóideachta agus Taighde; Scéim Raidió Pobail; agus Scéim na nEalaíon.

Léirigh an earnáil a míshástacht iomlán leis na scéimeanna a bhí faoi chaibidil, agus leis an bpróiseas go dáta le linn an chruinnithe seo.

27 Bealtaine 2011
Agus an próiseas comhairliúcháin phoiblí fós ar siúl agus ag tarraingt ar a spriocdháta den 14 Meitheamh, chuir Foras na Gaeilge in iúl do na heagraíochtaí bunmhaoinithe go raibh líon na scéimeanna ardaithe, ó seacht scéim, go dtí deich scéim.

Chuir Foras na Gaeilge in iúl do na heagraíochtaí bunmhaoinithe go mbeadh an deis acu na scéimeanna nua a phlé ag an dara sheisiún eolais a bhí le reáchtáil Déardaoin, 2 Meitheamh 2011.

03 Meitheamh 2011
D’fhoilsigh Tionól Thuaisceart Éireann bileog threorach ag déanamh achoimre ar an bpróiseas go dáta ina dhéantar cur síos ar an imní a léiríodh go dtí seo maidir le (a) Sainscileanna na hearnála a bheith á ligean le sruth (b) Éifeacht na Samhla Maoinithe (c) Teorainn ar Chomhairliúchán (d) Anailís tionchair rialála (e) Cur chuige uile-oileánda.

07 Meitheamh 2011
Nótáil an Chomhairle go bhfuil na dréachtscéimeanna go léir atá riachtanach chun moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm dréachtaithe anois. Nótáladh go raibh cleachtadh comhairliúcháin phoiblí ar siúl i láthair na huaire sin. Tar éis na tuairimí a thabharfar le linn an chleachtaidh chomhairliúcháin a bhreithniú, iarrfar faomhadh ón mBord agus ó na hAirí Airgeadais, sula gcuirfear na scéimeanna faoi bhráid CATT ag an gcéad chruinniú eile lena bhfaomhadh.

D'aontaigh an Chomhairle, ach leanúint le dul chun cinn sásúil a bhaint amach, go bhféadfadh Foras na Gaeilge leanúint, go dtí dheireadh mhí Mheithimh 2012, le cistiú eatramhach a chur ar fáil d'eagraíochtaí a bhfuil cistiú á fháil acu i láthair na huaire. Tabharfar tuairisc eile ar dhul chun cinn ag an gcéad chruinniú eile de CATT i bhFormáid Rannach Teanga.

02 Meitheamh 2011

D'eagraigh Foras na Gaeilge seisiún eolais maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe. Thug na heagrais le fios go raibh an chosúlacht ar an scéal nach raibh tionchar ar bith ar Fhoras na Gaeilge ag ionchur na hearnála le linn an chéad seisiún, mar shampla bhí na croíchritéir fós mar an gcéanna bíodh is go raibh plé leathan ag an gcéad seisiún maidir le laigí na gcritéar sin.

Chuir na heagraíochtaí a n-ábhair imní i leith laigí ollmhóra na Samhla Nua Maoinithe.

09 Meitheamh 2011

Scríobh an Fóram chuig Foras na Gaeilge, ag cur in iúl gur chreid na heagraíochtaí go raibh easpa eolais acu i dtaobh na scéimeanna, ainneoin an phlé ag an dá sheisiún eolais, maidir le heilimintí den tSamhail Nua Mhaoinithe, agus iarradh ar Fhoras na Gaeilge sainmhíniú, cuspóirí agus torthaí inmhianaithe na scéimeanna a chur ar fáil.

Léiríodh díomá sa litir freisin nach raibh rúnaí ceaptha ag Foras na Gaeilge chun miontuairiscí a ghlacadh le linn ceachtar den dá sheisiún eolais, agus nach raibh ar a laghad ionadaí amháin eile, chomh maith le Príomhfheidhmeannach an Fhorais, i láthair chun cluas bhreise a thabhairt do mholtaí na hearnála.

14 Meitheamh 2011

Scríobh Foras na Gaeilge chuig an Fóram ag cur in iúl nach mbeidís sásta sainmhíniú, cuspóirí nó torthaí inmhianaithe na scéimeanna a chur ar fáil mar a bhí iarrtha ag an bhFóram. Chuir an litir in iúl go mbeadh an Coiste Forbartha sásta bualadh le grúpa beag ionadaíoch ón bhFóram ach “moltaí dearfacha” a bheith acu.

01 Meán Fómhair 2011

Chuir An Fóram tuairisc chuig Foras na Gaeilge maidir leis an hábhair imní a cuireadh faoina mbráid ag an seisiún eolais ar an 02 Meitheamh, mar thaifead ar an seisiún sin, ó tharla nach raibh rúnaí ceaptha ag an bhForas chun miontuairiscí a ghlacadh.

06 Meán Fómhair 2011

Tionóladh cruinniú den Choiste Comhairleach agus Cruinniú den Choiste Forbartha.

15 Meán Fómhair 2011

D'fhreastal ionadaí ón Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta in éineacht le Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha an Fhorais ar chruinniú de Choiste DCAL, agus thug uasdátú ar an obair idir lámha le Samhail Nua Mhaoinithe a chur i gcrích.

20 Meán Fómhair 2011

Chuir Foras na Gaeilge cóip de leagan ciorraithe den dréacht is déanaí den Samhail Nua Mhaoinithe ar fáil do na heagraíochtaí bunmhaoinithe agus thug cuireadh d'ionadaithe an Fhóraim freastal ar chruinniú den Choiste Comhairleach ar an 22 Meán Fómhair 2011 leis an dréacht sin a phlé.

22 Meán Fómhair 2011

Leagadh rún síos le rith os comhair an Tionóil –

'That this Assembly views with concern the effects Foras na Gaeilge proposed future funding model will have on Irish language organisations here; expresses concern about the nature of the consultation process involved, and calls on the Minister for Culture, Arts and Leisure to review these proposals in view of the emerging Irish Language Strategy from her department.'

30 Meán Fómhair 2011

Foilsíodh dréacht den Samhail Nua Mhaoinithe ar láithreán gréasáin an Fhorais www.gaeilge.ie ina raibh sonraí maidir leis an maoiniú do gach scéim, in éineacht le sonraí fostaíochta lena n-áirítear líon agus leibhéil na bpost faoi gach scéim.

03 Deireadh Fómhair 2011

Chuir Foras na Gaeilge in iúl i gcomhfhreagras le heagraíocht bunmhaoinithe gur foilsíodh an dréacht is déanaí den Samhail Nua Mhaoinithe ar láithreán gréasáin an Fhorais "trí thimpiste, nach raibh sa cháipéis sin ach moltaí atá á bplé faoi láthair idir an Foras agus na ranna Rialtais, agus nach bhfuil stádas acu agus is féidir go leasófar iad cuid mhaith sula n-aontófar iad."

10 Deireadh Fómhair 2011

Scríobh an Fóram chuig an Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus chuig Aire Stáit na Gaeltachta araon ag cur in iúl gurb é tuairim láidir an Fhóraim nach moltaí chun feabhais iad na moltaí atá á gcur chun cinn faoin tSamhail Nua Mhaoinithe. Go mbeadh mar thoradh ar chur i bhfeidhm na Samhla go ndéanfar dochar suntasach, doleasaithe do ghluaiseacht na Gaeilge agus go laghdófar go mór ar a cumas freastal ar riachtanais chur chun cinn na Gaeilge thuaidh agus theas sna blianta atá le teacht. Iarradh ar an CATT diúltú don mholadh reatha agus treoir a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge dul i mbun comhphlé dáiríre leis an earnáil dheonach ar mhaithe le malairt múnla a aontú leo laistigh d'achar cinnte ama.

12 Deireadh Fómhair 2011

D’eisigh an Chomhrúnaíocht CATT comhráiteas ó chruinniú na CATT den lá céanna inar leagadh amach i measc eile:

- Gur nótáil na hAirí an dul chun cinn atá déanta ag Foras na Gaeilge go dtí seo i ndáil le punann dréacht-scéimeanna a ullmhú don tsamhail mhaoinithe iomaíoch nua;
- Gur iarr an CATT ar Fhoras na Gaeilge an méid seo leanas a dhéanamh:

    a) Tréimhse bhreise chomhairliúcháin 12 seachtain a chur ar fáil i ndáil le punann na ndreácht-scéimeanna, go háirithe leis na heagraíochtaí bunmhaoinithe;

    b) a chinntiú go dtabharfar deis do chomhlachtaí reachtúla bainteacha an tionchar a bheidh ag na dréacht-scéimeanna ar a réimsí feidhmiúcháin a bhreithniú;

    c) an punann dréacht-scéimeanna a leasú de réir mar is gá agus mar is cuí, ag féachaint don phróiseas comhairliúcháin leathnaithe;

    d) cás gnó mionsonraithe a ullmhú, le cúnamh neamhspleách más gá, chun tacú le punann na ndréacht-scéimeanna; agus

    e) plean tionscadail athbhreithnithe a ullmhú, i gcomhar leis na Ranna Urraíochta, a thabharfaidh aird mar is cuí ar chur i gcrích an phróisis athbhreithnithe mar bheart práinne.

- D'aontaigh CATT go ndéanfaí Ordú ag an am cuí faoi alt 28(2) (b) den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 (Uimh. 1 de 1999) chun an tagairt do na heagraíochtaí atá liostaithe sa tábla sa mhír seo a bhaint.

18 Deireadh Fómhair 2011

Scaip Foras na Gaeilge litir ar na heagraíochtaí bunmhaoinithe ag míniú go raibh Foras na Gaeilge ag lorg soiléiriú ar roinnt ceisteanna rialála atá ardaithe ag an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ó Thuaidh. A luaithe agus atá na ceisteanna seo réitithe cuirfear tús leis an phróiseas comhairliúcháin dhá sheachtain déag ar an phunann scéimeanna atá á mholadh faoin tSamhail nua Mhaoinithe.

ASSESSMENT OF THE 19 CORE FUNDED ORGANISATIONS

2008- 2011

BACKGROUND

On 22 April 2008 Foras na Gaeilge announced that a assessment of all core funded organistaions would take place.

On 2 December 2009 Foras na Gaeilge received instruction from the North/Sound Ministerial Council to restructure the way in which funding was provided to the Irish language core funded sector.

In May 2010 Foras na Gaeilge announced a New Funding Model which was "cleared in principal" by the North/South Ministerial Council. This new funding model involves a portfolio scheme and, as part of this Model, applicants would be given funding based on implementation of projects stated in the scheme, that is eligibility and approval costs, instead of being based on the organisational core funding model which has been in place until now.

From the time the New Funding Model was first put before the Irish Language voluntary sector, it has been made apparent time and time again that so many problems would arise from completing that model as to make it impossible. No evidence has been provided by Foras na Gaeilge that this new Model would promote the language's interests.

THE PROCESS TO DATE

22 April 2008

Foras na Gaeilge announced at a meeting beween Foras na Gaeilge and the heads of the nineteen core funded organisations that significant assessment was being carried out with regard to funding for core funded organisations. It was expressed at that meeting that the decision was made by Foras na Gaeilge's Board to undertake this assessment process to 'boost both the Organisations and the Foras's welfare, efficiency and effectiveness and to 'ensure value for money'.

It was expressed also that Foras na Gaeilge intended to employ an external reviewer to undertake this work. Review on a '3 year cycle' was proposed with assessment carried out on 5/6 organisations each year starting in 2008.

25 April 2008

It was confirmed in correspondence from the Foras that the terms of reference for the review were based on draft terms of reference submitted to the organisations in 2005.

A self-assessment questionnaire was circulated, prepared by Foras na Gaeilge in conjunction with the companies in a position to tender for work as reviewer for the Foras, on the core funded organisations which was to be completed and sent to the Foras's Chief Executive Officer by 20 June 2008. The completed questionnaires were to be kept confidential until such time as a reviewer was appointed.

July 2008

Foras na Gaeilge's Board reached a decision to appoint the company Mazars as reviewers.

September – October 2008

Mazars conducted individual meetings with the stakeholder organisations.

February – April 2009

Comdháil Náisiúnta na Gaeilge held meetings of the core funded Irish Language organisations to discuss and promote opportunities for cooperation.

5 August 2009

Mazars made a copy of an extract from self-assessment findings available to the organisations. Nine copies of the full report were submitted to Foras na Gaeilge. That report was not published.

29 September 2009

Foras na Gaeilge requested that Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge hold a meeting of the nineteen core funded organistions to discuss:

3. The organistaions Vision and Proposals for the sector and the future of the Irish Language
4. The 19 organisations feedback regarding the funding process

Comdháil Náisiúnta na Gailege accepted this request from the Foras and a councellor / facilitator was employed to undertake research on the matter with the organisations and to facilitate the process.

02 December 2009

The North/South Ministerial Council instructed Foras na Gaeilge to restructure the way in which funding was provided to the Irish Language core funded sector.

17 December 2009

The abovementioned research on organisations vision and proposals for the sector and future of the Irish Language was published, as well as feedback from the organisations regarding the current funding process.

11 February 2010

The nineteen core funded organistaions agreed a guiding principle with regard to funding in the sector, *'I dTreo na Físe'* (Towards the Vision) which was submitted to Foras na Gaeilge.

14 May 2010

In a letter from the Forum to Foras na Gaeilge reference was made to a discussion paper regarding the Restructuring of Core Funded Irish Language Organisations, which representatives from the Forum presented at a Foras na Gaeilge Committee meeting dated 5 May 2010. It was expressed that the Forum is currently established and functioning.

Enclosed in the letter, a proposed integrated structure was promoted which brought together the work of five core funded organisations and eight organisations in total. It was expressed that The Forum was working on further development on this basis.

26 May 2010

Foras na Gailge submitted a scheme portfolio to the North/ South Ministerial Council as a new funding model, this was a funding system which would provide funding to implement certain projects, in place of providing core funding for organisations as was the case until then.

09 July 2010

Foras na Gaeilge submitted the docuemt *An tSamhail Nua Mhaoinithe* (The New Funding Model) to the core funded organisations.

23 June 2010

A meeting was held between the heads of the core funded organisations to discuss the organisations views on the range, aims and results of the schemes under the New Funding Model. During the discussion in the meeting the following was proposed:

- It was proposed that Foras na Gaeilge and its Sponsoring Departments accept the guiding principles of transparency, clarity, cooperation and reciprocity. It was proposed that, in particular, the significant differences in structures as well as the

political climate in the North of Ireland be acknowledged, as stated in the document *I dTreo na Físe*.

- It was proposed that a principle of building on advantanges and main strengths be adopted. Accordingly, before any model could be accepted, further development and clarity would be needed.

- The core funded organisations emphasised the need for a core funding principle to ensure consistency, results for investments made and infrastructure which is vital for the promotion of the Irish Language in the community.

- It was proposed that a Joint Committee on Change Management be set up which was indedpendent, has terms of reference, with a comprehensive representative structure and time limit, to further clarify and develop the model concept to take advantage of the wealth of knowledge, experience and ability in the sector as is recognised in the document which has been accepted by the North/Soutn Ministerial Council.

- It was proposed that a strong link should be displayed between any new funding model and the Government's 20 year strategy for Irish, Foras na Gaeilge's strategy and the organisations role in them. The context of the North of Ireland should be taken into account also.

07 July 2010

In a letter from the Forum to Foras na Gaeilge, it was expressed that the 19 organistaions greatly desired the establishment of a Joint Committee for Change Management without delay, to develop and clarify the new proposed funding model concept, in a way that ensures contriburatory input from interested parties and which would utilise the wealth of knowledge, experience and ability in the sector, as recognised in the document which has been accepted by the North/South Ministerial Council, to the fullest.

13 July 2010

The Forum wrote to Foras na Gaeilge expressing worries that the new proposed model would not provide for the range of existing services being provided by core funded organisations. It was proposed in the letter, instead of establishing a scheme portfolio on the current infrastructure, that it would be far better to engage with the core funded organisations to develop a new model which would achieve the long term goal determined by CATT 1, a goal which still stands, as is– rationalisation of the sector.

06 September 2010

A public consultatation process was announced to collect public input regarding the New Funding Model. The public were given until 30 September 2010 to send their submissions to Foras na Gaeilge.

15 September 2010

The Forum wrote to Foras na Gaeilge stating that they were amazed that Foras na Gaeilge announced in Gaelscéal on 10 September 2010 that they were seeking submissions from the public regarding the New Funding Model and that a deadline of just 30 September was given to the public to prepare those submissions. The organisations were also disappointed that a process of this type was opened up to the public before real discussion had been undertaken with the core funded organisations through the Joint Committee for Change Management, as requested on 23 June 2010.

08 October 2010

The Forum wrote to the Sponsoring Departments seeking permission to make a presentation to the North/South Ministerial Council.

29 October 2010

The Department of Culture, Arts and Leisure wrote to the Forum stating that the Sponsoring Departments were of the opinion that the North/South Ministerial Council was not the right forum for the presentation requested by the Forum, but they stated that they were aware of the Forum's concerns.

03 November 2010

The Council noted the current state of affairs regarding the review made by Foras na Gaeilge on core funded organisations. The Ministers noted proposals regarding joint arrangements for the improvement of implementation, which includes the appointment of a project manager and a steering committee and the establishment of an advisory committee.

They agreed, in that context that the progress being made is sufficient, that Foras na Gaeilge could continue, until the end of May 2011, to provide interim funding to organisations which are being funded currently and that progress would be reported at the next CATT meeting of the Foras Teanga.

25 November 2010

The Department of Culture, Arts and Leisure (DCAL) and Foras na Gaeilge reported to the Culture, Arts and Leisure Committee regarding the review of core funded organisations, and concern was displayed about the consultation process. The Committee decided to write to DCAL seeking a timeline and information on the EQIA filtering system.

29 November 2010

The Forum wrote to Foras na Gaeilge asking three questions:

1. When is a Project Manager due for recruitment and what role will this person have?
2. When will the Steering Committee be established and what will membership be comprised of?
3. When will the new Advisory Committee have its first meeting?

09 Decmeber 2010

Foras na Gaeilge wrote to the Forum indicating:

1. The terms of reference for Project Manager were still being discussed.

2. With regard to the CATT decision to establish a Steering Committee, the Committee will be comprised of representatives from Foras na Gaeilge and from Sponsoring Departments and their first meeting will be held before December 2010.

3. Foras na Gaeilge will be in contact soon regarding dates for Advisory Committee meetings. CATT has reached the decision that the Advisory Committee will be comprised of representatives from Foras na Gaeilge, Sponsoring Departments and core funded organisations.

13 Decmeber 2010

The first Steering Committee meeting was held. The following was laid out as the remit of the Steering Committee:

- Supervise implementation of the two CATT decisions from Foras na Gaeilge;
- Supervice consultation with stakeholders;
- Monitor progress and
- Agree schemes such as financial aid schemes.

31 Decmeber 2010

An advertisement in Irish only was put on E-tenders www.etenders.gov.ie listing a vacancy for project manager with the deadline of 27 January 2011.

20 January 2011

The first Advisory Committee meeting was held. It was expressed at that meeting that the role of the Advisory Committee consisted of facilitating communication between the sector and Foras na Gaeilge.

27 January 2011

The Forum wrote to Foras na Gaeilge expressing dissatisfaction regarding the manner in which the Project Manager post was advertised. Under the guidelines for requests for tender in the public sector, it is stated that it is permissible to use newspaper advertisements and to get in contact with suppliers to make them aware of the vacancies. This was not done.

It was expressed in the letter also that the situation was not advertised on the Foras na Gaeilge website and, as far as the Forum are aware, the tender was not advertised on a site or a medium which would be focused on the North of Ireland.

The Forum requested that the scheme portfolio be refined and it was made apparent that the voluntary sector did not feel that the portfolio route was the right route to take and it was expressed in the letter that the sector intended to develop a model in conjunction with the Advisory Committee and Steering Committee.

In this letter it stated that the Forum were requested to make proposals regarding schemes in the following two areas; Advocacy and Research, and Public Empowerment. To this end, the

Forum requested copies of the drafts prepared to date by the Foras executive and the Forum expressed that it was disappointed that such was not available until then.

22 February 2011

The second Advisory Committee meeting was held. The organisations asserted that the timescale was unrealistic, that they received insufficient input and that there was a lack of transparency and efficiency involved in the decisions that were made.

28 March 2011

A public consultation process was announced again for a period of ten weeks to collect public input regarding the New Funding Model. This was announced again because of concern that the first process did not adhere with Section 75: Statutory Equality Duty, in the context of the North of Ireland. The public were given until 14 June 2011 to send their submissions to Foras na Gaeilge.

30 March 2011

Foras na Gaeilge organised an information session on the New Funding Model to discuss the schemes background and principles and to get input from the organisations regarding the criteria and areas of scheme work. During that session, three schemes were explored: The Advocacy and Research Scheme; The Public Radio Scheme; and The Arts Scheme.

The sector expressed its total dissatisfaction with the schemes explored, and with the process to date during this meeting.

27 May 2011

While the public consultation procress was still running and coming close to its deadline of 14 June, Foras na Gaeilge stated to the core funded organisations that the number of schemes had increased, from seven schemes to ten schemes.

Foras na Gaeilge notified core funded organisations that they would have the opportunity to discuss the new schemes at the second information session which was to he held on Thursday, 2 June 2011.

03 June 2011

The Northen Ireland Assembly published a briefing paper which reviewed progress to date and in which concerns to date were described, regarding (a) The sector's specialist skills being squandered (b) The effectiveness of the Funding Model (c) Limitations on Consultation (d) Regulatory Impact Analysis (e) An all-island approach.

07 June 2011

The Council noted that all draft schemes necessary to implement the review's proposals are all drafted. It was noted that public consultation practice was happening at that time. Upon reviewing opinions received from that consultation practice, approval will be sought from the Board and from Finance Ministers before submitting the schemes to CATT for approval at the next meeting.

The Committee agreed, on the condition that satisfactory progress still be made, that Foras na Gaeilge could continue, until the end of June 2012, to provide interim funding for organisations which were already in receipt of funding. Another progress report will be given at the next CATT meeting in Sectoral Language Format.

02 June 2011

Foras na Gaeilge organised an information session regarding the New Funding Model. The organisations let it be known that it seemed that Foras na Gaeilge had not been influenced at all by input from the sector during the first sessions, the core criteria, for example, were still the same even though significant discussion took place in the first meeting on the weaknesses of those criteria.

The organisations express their concern over the massive weaknesses in the New Funding Scheme.

09 June 2011

The Forum wrote to Foras na Gaeilge stating the organisations believed they had not received sufficient information on the scheme, irrespective of the two information sessions held, with regard to elements of the New Funding Model, and Foras na Gaeilge were requested to provide definitions, goals and the desired results of the scheme.

Disappointment was expressed in the letter also that a secretary had not been appointed by Foras na Gaeilge to take minutes at either of the two information meetings, and that not even one more representative, including the Foras Chief Executive Officer, was present to hear the sector's proposals.

14 June 2011

Foras na Gaeilge wrote to the Forum notifying them that they would not be happy to provide definitions, goals or desired results of the schemes as requested by the Forum. The letter stated that the Development Committee would be happy to meet with a small group of representatives from the Forum on the condition that they make "positive proposals".

01 September 2011

The Forum sent a report to Foras na Gaeilge regarding concerns put forward to them at the information session on 02 June, as a record of that session, as the Foras did not have a secretary appointed to take minutes.

06 September 2011

A meeting of the Advisory Committee and a meeting of the Development Committee was held.

15 September 2011

A representative from the Deparment of Culture, Arts and Lesiure along with the Foras' Chief Executive Officer and Development Services Director attended a DCAL Committee meeting, and they gave an update on the work in progress in completing the New Funding Model.

20 September 2011

Foras na Gaeilge provided a copy of the abridged version of the latest New Funding Scheme draft to core funded organisations and invited representatives from the Forum to attend an Advisory Council meeting on 22 September 2011 to discuss that draft.

22 September 2011

A motion was proposed to be put before the Assembly –

'That this Assembly views with concern the effects Foras na Gaeilge proposed future funding model will have on Irish language organisations here; expresses concern about the nature of the consultation process involved, and calls on the Minister for Culture, Arts and Leisure to review these proposals in view of the emerging Irish Language Strategy from her department.'

30 September 2011

A draft of the New Funding Model was published on the Foras website www.gaeilge.ie which contained details of the funding received by each scheme, as well as employment details which include the number and level of jobs under each scheme.

03 October 2011

Foras na Gaeilge expressed in correspondence with core funded organisations that the latest draft of the New Funding Scheme was published on the Foras's website "by accident, and that that document only contained proposals which are currently being discussed between the Foras and Government departments, and that they do not have status and that it is possible that a large amount of them could be changed before they are agreed."

10 October 2011

The Forum wrote to the Minister for Culture, Arts and Leisure, the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht, and the Minister for State for Gaeltacht Affairs informing them that the Forum's strong belief was that the proposals promoted in the New Funding Model were not proposals that would be beneficial; that the Irish Language movement would be damaged significantly and irreversibly as a result of the implementation of this Model and that it would reduce their ability to meet the promotion needs of the Irish Language in the North and in the South in the coming years. CATT was requested to decline the current proposal and to instruct Foras na Gaeilge to engage in serious consultation with the voluntary sector with a view to agreeing an alternative model within a defined time frame.

12 October 2011

The CATT Joint Secretariat issued a joint statement from the CATT meeting held on the same day in which, among other things, the following was laid out:

- That the Ministers noted the progress Foras na Gaeilge had made to date in preparing draft schemes for the new competitive funding model;
- That CATT requested the following of Foras na Gaeilge:

    f) Provide another consultation period of 12 weeks with regard to the draft schemes portfolio, particularly with the core funded organisations;

    g) ensure that opportunity is provided to relevant statutory bodies to review the effect the draft scheme would have on their areas of work;

    h) to amend the draft schemes portfolio when necessary and appropriate, having regard to the amended consultation process;

    i) prepare a detailed business case, with assistance if necessary, to support the draft scheme portfolio; and

    j) prepare a reviewed project plan, in conjunction with Sponsoring Departments, which would draw due attention to the completion of the review process as a matter of urgency.

- CATT agreed that an Order would be made at the appropriate time under section 28(2)(b) of the British-Irish Agreement Act, 1999 (No. 1 of 1999) to remove the reference to the organisations listed in this section.

18 October 2011

Foras na Gaeilge distributed a letter among core funded organisations stating that Foras na Gaeilge required clarification on some questions raised by the Department of Culture, Arts and Leisure in the North. As soon as these questions are resolved, the twelve week consultation process on the schemes portfolio proposed under the New Funding Scheme will begin.